Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10853 — ISG / EEP / BSG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 440/09)

1. An 10 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— InfraServ GmbH & Co. Gendorf KG ("ISG", an Ghearmáin), atá faoi rialú Clariant Produkte (An Ghearmáin) GmbH, Celanese Services Germany GmbH agus Westlake Vinnolit GmbH & Co. KG,

— E.ON Energy Projects GmbH ("EEP", an Ghearmáin),

— Bio Steam Gendorf GmbH ("BSG", an Ghearmáin).

Gheobhaidh ISG agus EEP rialú comhpháirteach ar BSG de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— ISG: Páirc cheimiceach a oibriú i ndeisceart na Gearmáine, lena n-áirítear seirbhísí bonneagair agus seirbhísí láithreáin eile a chur ar fáil.

— EEP: Saoráidí táirgthe leictreachais agus téimh díláraithe do chustaiméirí tionsclaíocha a phleanáil, a thógáil agus a oibriú.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag BSG: Stáisiún cumhachta bithmhaise a phleanáil, a thógáil agus a oibriú chun teas agus leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10853 — ISG / EEP / BSG

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost, trí fhacs, nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË